# An Institiúid Teicneolaíochta, Sligeach

## Scéim 2019 – 2022

## De réir Alt 15 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

# Clár

1 Intreoir/Cúlra .... 5
1.1 Intreoir/Cúlra .... 5
1.2 Treoirlínte maidir le hUllmhú Scéime .... 5
1.3 Ábhar na Scéime Teanga .... 6
1.4 Dáta Tosach Feidhme na Scéime .... 6
1.5 Forbhreathnú ar an Institiúid Teicneolaíochta, Sligeach .... 7
1.5.1 Ráiteas Misin .... 7
1.5.2 Spriocanna .... 7
1.5.3 An Institiúid .... 8
1.5.4 Custaiméirí agus Cliaint .... 8
1.5.5 Feidhmeanna .... 9
2 Measúnú ar a mhéad agus atá fáil ar sheirbhísí trí Ghaeilge cheana féin .... 11
2.1 Measúnú ginearálta ar leibhéal na seirbhísí Gaeilge san Institiúid Teicneolaíochta, Sligeach .... 11
2.2 Oifig an Uachtaráin .... 12
2.2.1 Cumarsáid .... 12
2.3 Scoil na hEolaíochta .... 12
2.4 Scoil na hInnealtóireachta agus an Dearaidh .... 12
2.5 Scoil an Ghnó agus na nEolaíochtaí Sóisialta .... 13
2.6 Airgeadas agus Seirbhísí Chorparáideacha .... 13
2.6.1 Airgeadas .... 13
2.6.2 Acmhainní Daonna .... 13
2.6.3 Pleanáil, Oibríochtaí agus Barrfheabhas .... 13

2.6.4 Eastáit ..... 14
2.7 Taighde, Nuálaíocht agus Rannpháirtíocht ..... 14
2.7.1 Taighde ..... 14
2.7.2 Nuálaíocht ..... 14
2.8 Cúrsaí Acadúla agus Cláraitheoir ..... 14
2.8.1 Cúrsaí Mac Léinn ..... 14
2.8.2 Forbairt Oideachais ..... 15
2.8.3 Leabharlann ..... 15
2.8.4 Bainisteoir Díolachán Idirnáisiúnta ..... 15
2.8.5 Earcaíocht Mac Léinn agus Margaíocht ..... 15
2.9 Forbairt Ar Líne ..... 16
2.9.1 An tIonad don Fhoghlaim Ar Líne ..... 16
2.9.2 Seirbhísí TF ..... 16
3 Feabhas a Chur ar Sheirbhísí atá le Soláthar go Dátheangach ..... 17
3.1 Intreoir ..... 17
3.2 Grúpa Oibre Gaeilge na hInstitiúide Teicneolaíochta, Sligeach ..... 17
3.3 Modh Cumarsáide leis an bPobal ..... 18
3.3.1 Réamheolaire ..... 18
3.3.2 Foirmeacha iarratais / Bróisiúir / Bileoga Eolais ..... 18
3.3.3 Iarratas Ar Líne ..... 19
3.3.4 Foilseacháin Ilchineálacha ..... 19
3.3.5 Láithreán Gréasáin ..... 19
3.3.6 Ríomhphost ..... 20
3.3.7 Comhfhreagras Ginearálta ..... 20
3.3.8 Caidreamh Poiblí ..... 21

3.4 Aistriúchán agus Seirbhísí Tacaíochta eile don Ghaeilge........................... 21
3.5 Oiliúint, Forbairt agus Tacaíocht don Fhoireann......................................... 21
3.5.1 Oiliúint, Forbairt agus Tacaíocht do Ghrúpa Oibre na Gaeilge............. 22
3.5.2 Oiliúint, Forbairt agus Tacaíocht dóibh siúd a bhfuil dearcadh dearfach agus suim ghinearálta acu i leith na Gaeilge................................................. 23
3.6 Tuairimí a Athrú i measc na Foirne Ginearálta ........................................... 24
4 Monatóireacht agus Athbhreithniú..................................................................... 25
4.1 Monatóireacht agus Athbhreithniú ............................................................. 25
5 An Pobal a Chur ar an Eolas faoin Scéim ........................................................ 26
5.1 An pobal a chur ar an eolas faoin scéim..................................................... 26

# 1 Intreoir/Cúlra

## 1.1 Intreoir/Cúlra

Chuir an Institiúid Teicneolaíochta, Sligeach an scéim seo i dtoll a chéile de réir Alt 15 d‟Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 (dá ngairtear “an tAcht‟ ina dhiaidh seo). Déanann Alt 15 foráil do chomhlachtaí poiblí dréacht-scéim reachtúil a ullmhú ina sonrófar na seirbhísí a chuirfidh siad ar fáil:

- trí mheán na Gaeilge amháin,
- trí mheán an Bhéarla amháin, agus
- trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla araon

Ní mór do chomhlachtaí poiblí freisin cur síos a dhéanamh ar na bearta atá le glacadh acu chun a dhearbhú go ndéanfar aon seirbhísí nach soláthraíonn an comhlacht trí mheán na Gaeilge a sholáthar amhlaidh laistigh de thréimhse ama atá aontaithe.

## 1.2 Treoirlínte maidir le hUllmhú Scéime

Cuireadh an scéim seo i dtoll a chéile ag féachaint do na treoirlínte a d‟fhoilsigh an tAire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta.

Cuireadh fógra poiblí sa Sligo Champion ar an 13 Feabhra 2018 de réir Alt 13 inar tugadh cuireadh d‟aon pháirtí leasmhar uiríoll a dhéanamh i ndáil le hullmhú na dréacht-scéime de réir Alt 15. (Féach Aguisín I) Ní bhfuarthas aon uiríoll ón bpobal.

Cuireadh fógra ar thairseach ríomhphoist fhoireann an champais ar an Luan 9 Aibreán inar tugadh cuireadh d‟aon bhall foirne a mbeadh suim acu ann freastal ar chruinniú chun plé a dhéanamh ar bhealaí chun tacú leis an nGaeilge san Institiúid (Féach Aguisín I). D‟fhreastail líon beag den

fhoireann ar an gcruinniú seo agus phléigh siad bealaí ina bhféadfaí seirbhísí i nGaeilge agus úsáid na Gaeilge san Institiúid a fheabhsú.

Seoladh ríomhphost trí Aontas na Mac Léinn ar an Luan 9 Aibreán inar tugadh cuireadh do mhic léinn moltaí a chur ar aghaidh chuig Leabharlannaí na hInstitiúide maidir le seirbhísí trí Ghaeilge nó úsáid na Gaeilge (Féach Aguisín I). Go dtí seo, d'fhreagair mac léinn amháin maidir le moltaí chun an Ghaeilge a chur chun cinn ar an gcampas.

## 1.3 Ábhar na Scéime Teanga

Is i trí mheán an Bhéarla a chuirtear seirbhísí ar fáil san Institiúid Teicneolaíochta, Sligeach i láthair na huaire. Tá Gaeilge labhartha ag líon teoranta den fhoireann agus Gaeilge scríofa ag líon níos lú fós. Is iad seo tosaíochtaí na Scéime:

- An t-éileamh ar sheirbhísí trí Ghaeilge a mheas agus monatóireacht ar dhéanamh air
- Feasacht a chruthú i measc na foirne maidir le hábhar agus cuspóir na scéime
- Oiliúint a chur ar fáil do bhaill foirne chun go mbeidís in ann an Ghaeilge a úsáid
- Cloí le rialacháin an Achta
- Cinntiú go gcuirfear an Scéim i bhfeidhm go héifeachtach agus go gcuirfear i gcrích na gealltanais a tugadh

## 1.4 Dáta Tosach Feidhme na Scéime

Tá an scéim daingnithe ag an Aire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta agus beidh éifeacht aici ón 24 Meitheamh 2019.  Beidh an scéim i bhfeidhm ar feadh tréimhse 3 bliana ón dáta sin nó go dtí go mbeidh scéim nua daingnithe ag an Aire de bhun Alt 15 den Acht, cibé acu is déanaí.

## 1.5 Forbhreathnú ar an Institiúid Teicneolaíochta, Sligeach

### 1.5.1 Ráiteas Misin

Tá Ráiteas Misin IT, Sligeach tógtha ón bPlean Straitéiseach 2017-2022:

*"Inbhuanaitheacht gheilleagrach, shóisialta agus timpeallachta a chur chun cinn trí oideachas, trí nuálaíocht agus trí rannpháirtíocht, as a dtagann céimithe nuálacha, muiníneacha atá in ann forbairt an réigiúin agus níos faide i gcéin a stiúradh".*

### 1.5.2 Spriocanna

Ina Plean Straitéise leagann an Institiúid amach sraith spriocanna do na réimsí seo a leanas:

- **Ár Mic Léinn:** An cumas a fhorbairt le bheith in ann a mbealach a dhéanamh i ndomhan casta amach anseo
- **Foghlaim agus Teagasc:** Tacú le forbairt ghairmiúil leanúnach na foirne ar fad. Ceannaireacht i bhfoghlaim le cuidiú teicneolaíochta a choinneáil agus a neartú
- **Taighde, Forbairt agus Nuálaíocht:** Níos mó mac léinn agus ball foirne a chumasú chun taighde a dhéanamh. Aitheantas idirnáisiúnta a fháil i réimsí ríthábhachtacha taighde
- **Comhpháirtíocht & Rannpháirtíocht Sheachtrach:** Comhpháirtíochtaí níos láidre a thógáil le scoileanna dara leibhéal/le Boird Oideachais agus Oiliúna, le fostóirí agus leis an bpobal.
- **Forbairt Gheilleagrach, Shóisialta agus Chultúrtha a Mhúnlú agus Dul i bhFeidhm uirthi:** Próifíl an phobail réigiúnaigh ó thaobh cáilíochtaí oideachais de a ardú. Tacú le fiontraíocht shóisialta, le gnólachtaí nua-thionscanta agus le forbairt sa réigiún.
- **Eagrúchán & Rialachas:** Leanúint ar aghaidh ag soláthar rialachas láidir, freagrachta agus próisis chuí.

### 1.5.3 An Institiúid

Tá athrú ó bhonn tagtha ar an Institiúid Teicneolaíochta, Sligeach ó bunaíodh í sa bhliain 1970 mar Cheardcholáiste Réigiúnach (RTC) ina raibh cúrsaí teastais dhá bhliain á dtairiscint do níos lú ná 100 mac léinn. Anois is institiúid ardoideachais aitheanta í a chuireann cláir ar fáil do bhreis is 6,000 mac léinn. Is institiúid í a spreagann agus a thacaíonn le forbairt réigiún an Iarthuaiscirt, agus a ullmhaíonn céimithe d'earnáil idirnáisiúnta na hoibre. Fágann an borradh sin go bhfuil rochtain ar ardoideachas curtha ar fáil ag an Institiúid san Iarthuaisceart, ar réigiún é nach raibh a leithéid ar fáil ach ar bhonn teoranta ann san am atá thart.

Tá an Institiúid Teicneolaíochta, Sligeach suite ar champas nua aimseartha den chéad scoth a chuireann timpeallacht foghlama agus áiseanna fóillíochta ar an gcaighdeán is airde ar fáil do mhic léinn. Cuireann na trí scoil, Scoil an Ghnó agus na nEolaíochtaí Sóisialta, Scoil na hInnealtóireachta agus an Dearaidh agus Scoil na hEolaíochta, raon clár ar fáil trína mbaintear amach cáilíochtaí ó Leibhéal 6 go Leibhéal 10 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (NFQ).

Tá athrú as cuimse tagtha ar an gcampas le blianta beaga anuas leis na háiseanna seo a leanas:

- Síneadh suntasach le Learbharlann Yeats
- Foirgneamh Eolaíochta MacMunn
- Páirc 3G agus tuilsoilse
- Síneadh leis an bhfoirgneamh Teicneolaíochta
- Halla Éisteachta Aurivo (280 suíochan)
- Foirgneamh Constance Markievicz – athchóiriú ar Scoil an Ghnó agus na nEolaíochtaí Sóisialta

### 1.5.4 Custaiméirí agus Cliaint

Is iad na mic léinn príomhchustaiméirí na hInstitiúide agus tá dualgas cúraim ar leith uirthi ina leith siúd. Bíonn sí i bpáirt freisin le hinstitiúidí agus gníomhaireachtaí oideachais eile agus leis an bpobal trí chéile. Is liosta é seo a leanas dá príomhchustaiméirí agus cliaint, ach ní liosta uileghabhálach é:

- An tÚdarás um Ard-Oideachas (HEA)

- An Roinn Oideachais agus Scileanna
- Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI)
- Comhlachas Ardoideachais Theicniúil
- An Chomhairle um Thaighde in Éirinn
- Comhlachas Tráchtála Shligigh
- Boird Oideachais agus Oiliúna
- Comhairlí Contae
- Fiontraíocht Éireann
- Údarás Forbartha Tionscail na hÉireann
- Fáilte Éireann
- An Chomhairle Ealaíon
- Innealtóirí Éireann
- An Chomhairle Mhúinteoireachta
- Braisle Réigiúnach an Iarthair/an Iarthuaiscirt
- Comhaontas Chonnachta Uladh
- Tionól Réigiúnach an Iarthair agus an Iarthuaiscirt
- SOLAS – Údarás Breisoideachais agus Oiliúna

### 1.5.5 Feidhmeanna

| **Feidhm** | **Gníomh** |
|---|---|
| **Bord Rialaithe** | |
| An tUachtarán | Cumarsáid |
| Eolaíocht | Eolaíocht an Chomhshaoil |
| | Sláinte agus Na hEolaíochtaí Cothúcháin |
| | Na hEolaíochtaí Beatha |
| Innealtóireacht agus an Dearadh | Na hEalaíona, an Dearadh agus Ailtireacht |

| | |
|---|---|
| | Ríomhaireacht agus Innealtóireacht Leictreonach |
| | Innealtóireacht Déantúsaíochta |
| | Innealtóireacht Mheicitreonach |
| | Innealtóireacht Shibhialta agus Tógáil |
| Gnó agus na hEolaíochtaí Sóisialta | Gnó |
| | Na hEolaíochtaí Sóisialta |
| | Margaíocht, Turasóireacht agus Spórt |
| Forbairt Ar Líne | An tIonad don Fhoghlaim Ar Líne |
| | Seirbhísí TF |
| Airgeadas agus Seirbhísí Chorparáideacha | Airgeadas |
| | Acmhainní Daonna |
| | Pleanáil, Oibríochtaí agus Barrfheabhais |
| | Eastáit |
| Taighde, Nuálaíocht agus Rannpháirtíocht | Taighde |
| | Nuálaíocht |
| Cúrsaí Acadúla agus Cláraitheoir | Bainisteoir ar Chúrsaí Mac léinn |
| | Bainisteoir ar Fhorbairt Oideachais |
| | Leabharlann |
| | Díolacháin Idirnáisiúnta |
| | Earcaíocht Mac Léinn agus Margaíocht |

# 2 Measúnú ar a mhéad agus atá fáil ar sheirbhísí trí Ghaeilge cheana féin

## 2.1 Measúnú ginearálta ar leibhéal na seirbhísí Gaeilge san Institiúid Teicneolaíochta, Sligeach

Is í an phríomhfheidhm atá ag an Acht ná a chinntiú go mbeidh fáil níos fearr ar sheirbhísí poiblí trí Ghaeilge agus go mbeidh siad ar chaighdeán níos airde.

Is í an phríomhfheidhm atá ag an Institiúid Teicneolaíochta, Sligeach cláir oideachais den scoth a chur ar fáil agus faoi láthair is trí mheán an Bhéarla a dhéantar é sin.

Bíonn caidreamh ag an Institiúid le mic léinn, le baill foirne agus leis an bpobal trína feidhm riaracháin agus trí sheirbhísí éagsúla. Áirítear leis na seirbhísí sin an Oifig Iontrála, Oifig na Scrúduithe, Seirbhísí do Mhic Léinn, Seirbhísí Teicneolaíochta Faisnéise agus Leabharlann Yeats. Is trí Bhéarla a chuirtear beagnach gach ceann de na seirbhísí sin ar fáil faoi láthair. Tá mioneisceachtaí ann, leithéidí an chomhéadain ilteangaigh (a n-áirítear Gaeilge leis) ar ghléas iasachtaí féinseirbhíse Mearsheiceála na Leabharlainne.

Cuireann an Institiúid roinnt cáipéisí reachtúla ar fáil. Foilsítear an *Tuarascáil Bhliantúil* agus na *Cuntais Airgeadais* go dátheangach faoi láthair. Cuireann an Institiúid fógraí ar shuíomhanna cosúil le publicjobs.ie ó am go chéile agus d'fhéadfadh sé go mbeadh fógra dátheangach riachtanach.

Tá grúpa beag den fhoireann a bhfuil buneolas acu ar an teanga agus a mbeadh spéis acu oibriú léi agus tríthi. Tá grúpa níos leithne ann a bhfuil meon dearfach

acu i leith na teanga.  Tá Oifigeach Gaeilge ag Aontas na Mac Léinn.  Tá Cumann na Gaeilge ann do mhic léinn freisin.

Leagtar amach thíos an staid maidir le soláthar seirbhísí/gníomhaíochtaí agus leibhéal na seirbhísí atá á gcur ar fáil i nGaeilge ag rannóga éagsúla laistigh den Institiúid.

## 2.2 Oifig an Uachtaráin

### 2.2.1 Cumarsáid

Tá an Bainisteoir Cumarsáide freagrach as cláir cumarsáide inmheánacha agus sheachtracha agus as an gcaidreamh leis na meáin.

Soláthar don Ghaeilge: Tá an bainisteoir Cumarsáide freagrach as an *Tuarascáil Bhliantúil* atá dátheangach, Gaeilge/Béarla a tháirgeadh.

## 2.3 Scoil na hEolaíochta

Cuireann an scoil cláir ar fáil ag leibhéal fochéime agus iarchéime trí Roinn na hEolaíochta Comhshaoil, Roinn na nEolaíochtaí Beatha agus Roinn na Sláinte agus na n-Eolaíochtaí Cothúcháin.

Soláthar don Ghaeilge:  Ní chuireann Scoil na hEolaíochta aon seirbhís ar fáil trí Ghaeilge faoi láthair.

## 2.4 Scoil na hInnealtóireachta agus an Dearaidh

Cuireann an scoil cláir ar fáil ag leibhéal fochéime agus iarchéime trí Roinn na Innealtóireachta Meicitreonaí, Ríomhaireacht agus Innealtóireacht Leictreonach, Innealtóireacht Shibhialta agus Tógáil, Innealtóireacht Mheicniúil agus Déantúsaíochta agus Na hEalaíona, an Dearadh agus Ailtireacht.

Soláthar don Ghaeilge:  Ní chuireann Scoil na hInnealtóireachta agus an Dearaidh aon seirbhís ar fáil trí Ghaeilge faoi láthair

## 2.5 Scoil an Ghnó agus na nEolaíochtaí Sóisialta

Cuireann an scoil cláir ar fáil ag leibhéal fochéime agus iarchéime trí Roinn an Ghnó, Roinn na nEolaíochtaí Sóisialta agus Roinn na Margaíochta, na Turasóireachta agus an Spóirt

Soláthar don Ghaeilge: Ní chuireann Scoil an Ghnó agus na nEolaíochtaí Sóisialta aon seirbhís ar fáil trí Ghaeilge faoi láthair

## 2.6 Airgeadas agus Seirbhísí Chorparáideacha

### 2.6.1 Airgeadas

Tá an Roinn Airgeadais freagrach as cuntais na hinstitiúide.

Soláthar don Ghaeilge:

- Tá na Cuntais Reachtúla foilsithe go dátheangach.

### 2.6.2 Acmhainní Daonna

Tá an Oifig Acmhainní Daonna freagrach as baill foirne a earcú, oiliúint agus forbairt foirne agus aoisliúntais na foirne.

Soláthar don Ghaeilge:

- Fógraítear poist go dátheangach nuair a n-éilítear é ar shuíomhanna ar líne cosúil le publicjobs.ie

### 2.6.3 Pleanáil, Oibríochtaí agus Barrfheabhas

Soláthar don Ghaeilge:

- Ní chuireann an Roinn seo aon seirbhís ar fáil trí Ghaeilge faoi láthair

#### 2.6.4 Eastáit

Tá Oifig na nEastát freagrach as an gcampas fisiciúil, lena n-áirítear foirgnimh, tailte, fóntais, glanadh, cothabháil agus comharthaíocht.

Soláthar don Ghaeilge:

- Tá Oifig na nEastát freagrach as córas comharthaíochta an champais atá dátheangach (Gaeilge/Béarla)

## 2.7 Taighde, Nuálaíocht agus Rannpháirtíocht

### 2.7.1 Taighde

Tacaíonn an Roinn Taighde le taighdeoirí ag an Institiúid agus forbraíonn sí acmhainneacht na hInstitiúide taighde a dhéanamh, ag obair leis an bhfoireann agus mic léinn sna scoileanna acadúla.

Soláthar don Ghaeilge Gaeilge: Ní chuireann an Roinn Taighde aon seirbhís ar fáil trí Ghaeilge faoi láthair

### 2.7.2 Nuálaíocht

Tá an Roinn Nuálaíochta agus Rannpháirtíocht Sheachtrach freagrach as an Ionad Nuálaíochta, ina bhfuil réimse comhlachtaí nuathionscanta. Tá sí freagrach freisin as idirbheartaíocht a dhéanamh idir an Institiúid agus Fiontair Réigiúnacha.

Soláthar don Ghaeilge: Ní chuireann an Roinn Nuálaíochta agus Rannpháirtíocht Sheachtrach aon soláthar Gaeilge ar fáil faoi láthair.

## 2.8 Cúrsaí Acadúla agus Cláraitheoir

### 2.8.1 Cúrsaí Mac Léinn

Tá Roinn na gCúrsaí Mac Léinn freagrach as mic léinn a earcú, lena n-áirítear ceangal na hInstitiúide leis an Lár-Oifig Iontrála. Tá an roinn seo freagrach as seirbhísí mac léinn ar an iomlán, lena n-áirítear sláinte, rochtain srl.

Soláthar don Ghaeilge:  Ní chuireann Roinn na gCúrsaí Mac Léinn aon soláthar Gaeilge ar fáil faoi láthair.

### 2.8.2 Forbairt Oideachais

Tá an Roinn seo freagrach go ginearálta as foghlaim agus múineadh phróiseas na scrúduithe.

Soláthar don Ghaeilge:  Ní chuireann Forbairt Oideachais aon soláthar Gaeilge ar fáil faoi láthair.

### 2.8.3 Leabharlann

Tacaíonn an Leabharlann le foghlaim agus taighde na hInstitiúide trí acmhainní agus seirbhísí faisnéise a sholáthar, mar aon le spásanna foghlama agus oiliúint i litearthacht faisnéise. Cuirtear an tseirbhís ar fáil i bhFoirgneamh Leabharlann Yeats agus ar líne freisin trí láithreán gréasáin na Leabharlainne agus trí Moodle.

Soláthar don Ghaeilge:

- Tá bailiúchán maith de leabhair Ghaeilge agus de leabhair a bhaineann leis an Léann Ceilteach sa Leabharlann
- Bíonn taispeántais, cinn a bhaineann leis an nGaeilge ina measc, ar bun sa Leabharlann
- Tá comhéadan ilteangach (leis an nGaeilge san áireamh) ar an ngléas iasachtaí Féinseirbhíse Mearsheiceála
- Tá cumas teoranta ag an leabharlann ceisteanna fhreagairt agus déileáil le comhfhreagras i nGaeilge

### 2.8.4 Bainisteoir Díolachán Idirnáisiúnta

### 2.8.5 Earcaíocht Mac Léinn agus Margaíocht

Soláthar don Ghaeilge:  Ní chuireann aon cheann de na feidhmeanna seo seirbhísí ar fáil i nGaeilge.

## 2.9 Forbairt Ar Líne

### 2.9.1 An tIonad don Fhoghlaim Ar Líne

Déanann an tIonad don Fhoghlaim Ar Líne bainistiú agus forbairt ar oibríochtaí foghlama ar líne na hInstitiúide. Cuireann an tIonad raon cúrsaí fochéime agus iarchéime ar fáil do chianfhoghlaimeoirí in Éirinn agus thar lear. Cuireann an tIonad don Fhoghlaim Ar Líne ollchúrsaí oscailte ar líne (Massive Open Online Courses) ar fáil freisin.

Soláthar don Ghaeilge: Ní chuireann an tIonad don Fhoghlaim Ar Líne aon seirbhís ar fáil trí Ghaeilge faoi láthair.

### 2.9.2 Seirbhísí TF

Déanann Seirbhísí TF teicneolaíocht faisnéise a bhainistiú ag an Institiúid, lena n-áirítear an líonra.

Soláthar don Ghaeilge: Ní chuireann Seirbhísí TF aon seirbhís ar fáil trí Ghaeilge faoi láthair.

# 3 Feabhas a Chur ar Sheirbhísí atá le Soláthar go Dátheangach

## 3.1 Intreoir

Níl an Institiúid Teicneolaíochta, Sligeach ag tuar go mbeidh éileamh díreach ann cúrsaí a chur ar fáil trí Ghaeilge. Ach tá Comhaontas Chonnacht-Uladh bunaithe aici i gcomhar le hInstitiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Maigh Eo agus le hInstitiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn, comhaontas a bhfuil sé mar aidhm aige Ollscoil Teicneolaíochta a bhunú. Oibríonn an Institiúid Teicneolaíochta, Sligeach i gcomhar leis na hinstitiúidí sin freisin agus le hOllscoil na hÉireann, Gaillimh i mBraisle Réigiún an Iarthair. Tá na hinstitiúid seo aitheanta as seirbhísí a chur ar fáil do cheantair Ghaeltachta, agus tá seans ann go mbeadh IT, Sligeach páirteach i gcláir a chur ar fáil do cheantair Ghaeltachta sa todhchaí.

## 3.2 Grúpa Oibre Gaeilge na hInstitiúide Teicneolaíochta, Sligeach

Tá suim ag grúpa beag den fhoireann oibriú trí Ghaeilge agus ar thionscadail a bhaineann leis an nGaeilge, mar a luadh i Cuid 2.1 thuas. Táthar ag moladh go ndéanfaí Grúpa Oibre Gaeilge as an ngrúpa seo a thiocfaidh le chéile ar bhonn rialta chun na feabhsuithe atá molta don tseirbhís i nGaeilge a bhfuil cur síos orthu thíos a chur chun cinn. Reáchtálfar cruinnithe an ghrúpa seo i nGaeilge a mhéid agus is féidir.

Bíodh is go raibh an anailís i gCaibidil 2 bunaithe ar ghrádlathas riaracháin na hInstitiúide lena gcuimsítear Scoileanna agus Ranna, beidh na moltaí seo a leanas trasrannach go ginearálta agus bunaithe ar thrí théama:

- Modh Cumarsáide leis an bPobal
- Oiliúint, Oideachas agus Forbairt Foirne
- Tuairimí a Athrú

## 3.3 Modh Cumarsáide leis an bPobal

Déanann an Institiúid cumarsáid leis an bpobal trí na meáin seo a leanas den chuid is mó agus is trí Bhéarla a dhéantar faoi láthair í.

- Réamheolaire
- Foirmeacha iarratais / Bróisiúir / Bileoga Eolais
- Próiseas Iarratas ar líne
- Foilseacháin ilchineálacha
- Láithreán Gréasáin
- Ríomhphost
- Litreacha
- Cumarsáid ó bhéal
- Caidreamh Poiblí

Tá na gealltanais seo a leanas á ndéanamh i ndáil leis an scéim teanga seo.

### 3.3.1 Réamheolaire

Níl an Institiúid ag súil go gcuirfí an réamheolaire ar fad ar fáil go dátheangach i rith na scéime seo i bhfianaise na srianta atá ar acmhainní faoi láthair. Cuirfear ceannteidil codanna agus teidil clár sa réamheolaire ar fáil go dátheangach. Cuirfear ábhar atá dírithe go sonrach ar an margadh idirnáisiúnta ar fáil sa teanga atá cuí don mhargadh sin.

Amscála: Eagrán 2020 den réamheolaire

### 3.3.2 Foirmeacha iarratais / Bróisiúir / Bileoga Eolais

Eiseofar foirmeacha iarratais díreacha do mhic léinn fochéime agus iarchéime go dátheangach. Cuirfear tús le clár chun bróisiúir agus bileoga eolais a thairgeadh go

dátheangach ag tosú leis an leabharlann. Foilseofar tuarascálacha comhairleoirí agus saintuairiscí teicniúla sa teanga inar cuireadh i láthair ó thús iad.

Amscála: Tús curtha leis i rith Bliain 1 den Scéim

#### 3.3.2.1 Foirmeacha Iarratais na Leabharlainne

Tá réimse foirmeacha iarratais ag an Leabharlann le haghaidh ballraíochta seachtraí. Beidh iad siúd in úsáid mar bhonn píolótach le haghaidh foirmeacha dátheangacha agus eiseofar i nGaeilge agus i mBéarla iad.

Amscála: Bliain 1 den Scéim

### 3.3.3 Iarratas Ar Líne

Beidh próisis le haghaidh iarratas ar líne dátheangach freisin ag brath ar fhéidearthachtaí a bhaineann le comhthéacs na teicneolaíochta.

Amscála: Bliain 3 den Scéim

### 3.3.4 Foilseacháin Ilchineálacha

#### 3.3.4.1 Leabhrán Bhronnadh na gCéimeanna

Foilsítear leabhrán bhronnadh na gcéimeanna do shearmanas bhronnadh na gcéimeanna, arb iad ainmneacha na mac léinn agus a gcéimeanna is ábhar go príomha dó. Beidh na codanna seo a leanas dátheangach:

- Leathanaigh thosaigh
- Teidil na gcúrsaí agus na gclár

Amscála: Faoi dheireadh Bhliain 2 den scéim

### 3.3.5 Láithreán Gréasáin

Tá láithreán gréasáin na hInstitiúide dinimiciúil agus bíonn sé ag athrú de shíor. Tá sé tábhachtach an t-ábhar i nGaeilge a choinneáil chomh cothrom le dáta is atá an t-ábhar i mBéarla. Bíonn baill éagsúla foirne ag soláthar ábhar i mBéarla don suíomh ach is ar líon an-bheag den fhoireann, nó duine amháin fiú, ón nGrúpa Oibre Gaeilge a bheidh an fhreagracht an t-ábhar i nGaeilge a

chothabháil. Ba cheart, mar sin, glacadh le cur chuige réalaíoch don ábhar Gaeilge ar an láithreán agus béim a chur ar inmharthanacht leanúnach. Moltar go n-ullmhófaí eolas achomair faoin Institiúid, agus go mbeidh naisc ann go dtí príomhchodanna an láithreáin, agus go mbeidh rochtain air ó nasc Gaeilge ar an bpríomhleathanach. Ba cheart go bhfaigheadh baill de Ghrúpa Campais na Gaeilge oiliúint faoin gcaoi le córas bainistíochta inneachair na hInstitiúide a úsáid, agus ba cheart grúpa beag a eagrú ar bhonn sealaíochta chun an leathanach eolais i nGaeilge a athbhreithniú agus a nuashonrú.

Amscála: Deireadh Bhliain 1 den scéim

Tá cuardach catalóige le fáil ar láithreán gréasáin na Leabharlainne. Treoróidh nasc breise an t-úsáideoir chuig scáileán cuardaigh a mbeidh téacs córais i nGaeilge air.

Amscála: Deireadh Bhliain 2 den scéim

### 3.3.6 Ríomhphost

Níl séanadh ríomhphoist ag an Institiúid Teicneolaíochta, Sligeach faoi láthair. Má thugtar ceann isteach, beidh sé dátheangach (Gaeilge/Béarla).

Amscála: Bliain 3 den scéim

Cuirfear freagra caighdeánaithe ar fáil do gach ball foirne chun déileáil le fiosrúcháin ríomhphoist i nGaeilge chomh maith le liosta ainmneacha bhaill an Ghrúpa Oibre Gaeilge ar féidir fiosrúcháin a sheoladh ar aghaidh chucu.

Amscála: Bliain 1 den scéim

### 3.3.7 Comhfhreagras Ginearálta

Ainmneoidh an Institiúid ball foirne tiomnaithe, nó baill fhoirne mar is cuí, chun a bheith freagrach as freagra a thabhairt sa teanga chéanna nuair a dhéanann duine cumarsáid i scríbhinn trí Ghaeilge (rud atá ina oibleagáid

reachtúil). Cuirfear oiliúint chuí ar fáil don bhall/do na baill foirne a ainmneofar.

Amscála: Bliain 1 den scéim

### 3.3.8 Caidreamh Poiblí

Eiseofar preasráitis maidir leis an nGaeilge go dátheangach.

Amscála: Láithreach

## 3.4 Aistriúchán agus Seirbhísí Tacaíochta eile don Ghaeilge

Tá ar a laghad ball foirne amháin ag an Institiúid atá in ann aistriúcháin a dhéanamh ar théacsanna gearra cosúil le fógraí earcaíochta. Seolfar cáipéisí níos substaintiúla cosúil le tuarascálacha bliantúla, a gcaithfear iad a aistriú de réir an Achta, chuig comhlachtaí aistriúcháin. Cuirfear iarratas ar thairiscintí amach chun comhlacht aistriúcháin a roghnú ina bhfuil rogha ann an conradh a shíneadh go deireadh na scéime.

Amscála: Bliain 1 den Scéim

## 3.5 Oiliúint, Forbairt agus Tacaíocht don Fhoireann

Sula dtabharfar faoin oiliúint, faoin bhforbairt agus faoi na gníomhaíochtaí tacaíochta atá luaite thíos, tá sé i gceist suirbhé a dhéanamh i measc fhoireann uile na hInstitiúide d'fhonn trí ghrúpa a aithint:

- Foireann a bhfuil buneolas ar an nGaeilge acu agus iad tiomanta lena húsáid i gcomhthéacs na hoibre. Táthar ag súil go mbunófar an Grúpa Oibre Gaeilge ar na baill foirne seo.

- Foireann a bhfuil dearcadh dearfach acu ar an nGaeilge ach nach bhfuil ró-thiomanta í a úsáid ar bhonn praiticiúil nó iad siúd ar a gcuireann a leibhéal líofachta nó muiníne bac orthu í a úsáid.
- Foireann nach bhfuil báúil faoi láthair leis an teanga agus le hiarrachtaí seirbhísí trí Ghaeilge a fheabhsú.

**3.5.1 Oiliúint, Forbairt agus Tacaíocht do Ghrúpa Oibre na Gaeilge**

Is é Grúpa Oibre na Gaeilge a réiteoidh an chuid is mó de na tionscnaimh a bhfuil cur síos orthu i Cuid 3.3. Cuirfear na tacaí seo a leanas ar fáil:

- Reáchtálfar cruinniú rialta den ghrúpa trí mheán na Gaeilge a mhéid agus is féidir.
- Cuirfear spás ar leataobh ar chóras Moodle na hInstitiúide a mbeidh codanna air atá dírithe ar Ghrúpa Oibre na Gaeilge chun go gcuirfí ar an eolas iad faoi sheirbhísí agus cáipéisí úsáideacha ar líne etc. agus chun fóram plé a chur ar fáil. Is í an Ghaeilge teanga na codanna sin.
- Oiliúint inmheánach faoi fhoclóirí atá ar fáil ar líne, córas bunúsach bainistíochta inneachair don ghréasán, córas teachtaireachtaí fóin srl.
- Feasacht a chothú maidir le hacmhainní agus eagraíochtaí a thacaíonn le hobair phraiticiúil i nGaeilge
- Rochtain ar fhoilseacháin i nGaeilge ar líne agus i gcló
- Rochtain ar phacáistí féinmhúinte agus ar ghraiméir chun líofacht agus cruinneas na teanga a fheabhsú
- Rochtain agus tacaíocht airgid chun tabhairt faoi mheánchúrsaí nó ardchúrsaí cuí a chuirtear ar fáil go háitiúil nó ar líne

Amscála: Moltar go gcuirfí tacaí ar fáil agus go bhforbrófaí nósanna imeachta i rith Bhliain 1 den Scéim

**3.5.2 Oiliúint, Forbairt agus Tacaíocht dóibh siúd a bhfuil dearcadh dearfach agus suim ghinearálta acu i leith na Gaeilge.**

Is suirbhé a shocróidh méid an ghrúpa seo. Is é an sprioc a bheidh leis dearcadh dearfach i leith na Gaeilge a chothú i measc an ghrúpa. Cuirfear na tacaíochtaí seo a leanas ar fáil:

- Ag brath ar shuim agus acmhainní, déanfar iarracht bunrang Gaeilge a eagrú chun go dtógfaí ar an "Cúpla Focal" agus go bhforbrófaí eolas oibre ar Ghaeilge shimplí scríofa agus labhartha. Bunaithe ar thaithí roimhe seo, d'fheadfaí go mbeidh sé deacair go leor uimhreacha a mhealladh don rang agus le leanúnachas freastail a chothú.
- Beidh codanna dátheangacha agus codanna Béarla ar an spás ar Moodle ar tagraíodh dó i gCuid 3.5.1 thuas. Áireofar leis ábhar ar chultúr agus cúlra na Gaeilge agus beidh eolas ann faoi imeachtaí i rith Sheachtain na Gaeilge agus ag amanna eile arbh fhéidir gur spéis leis an ngrúpa iad.
- Seachtain na Gaeilge. Eagrófar imeachtaí Gaeilge sa leabharlann agus déanfar gach iarracht an líon is mó daoine agus is féidir ar an gcampas ar spéis leo an Ghaeilge a mhealladh.
- Intreoir ar Sheimineár Seachtainiúil maidir le Cultúr agus Teanga na hÉireann. Moltar go reáchtálfar seimineár ag am lóin sa leabharlann uair amháin in aghaidh na seachtaine i rith na bliana acadúla ina ndéiléalfar leo seo a leanas:
    - Roinnt gnéithe de theanga na Gaeilge (mar shampla: an briathar "bí" i gcomparáid leis an gcopail; na hathruithe tosaigh ag tús focal; an briathar i dtosach etc.). Seans go bhféachfar orthu seo mar dheismireáin shuimiúla seachas mar ghramadach phraiticiúil agus is í an aidhm a bheadh leo ná dearcadh nua i leith na teanga a chothú.
    - Gné de stair na Gaeilge
    - Sampla de litríocht na Gaeilge atá aistrithe
        - Tabhair faoi deara: D‟fhéadfadh ranganna, imeachtaí Sheachtain na Gaeilge agus na seimineáir sheachtainiúla atá molta a bheith oscailte do mhic léinn freisin

Táthar ag súil, le himeacht ama, go gcabhróidh na moltaí seo chun spéis agus tiomantas tuilleadh foirne a fhorbairt agus spreagadh a thabhairt dóibh feabhas a chur ar a n-inniúlacht agus a líofacht ar bhealach praiticiúil, trí chúrsa a dhéanamh nó trí ábhar féinmhúinte a úsáid. Má éiríonn leo, d‟fhéadfaidís páirt a ghlacadh i nGrúpa Oibre na Gaeilge de chainteoirí líofa ar tagraíodh dó thuas, agus tosú ag glacadh le ról gníomhach i seachadadh seirbhísí i nGaeilge.

Amscála: Táthar ag súil go mbeadh na tacaí sin ann ó Bhliain 2 den Scéim

## 3.6 Tuairimí a Athrú i measc na Foirne Ginearálta

Cé go bhfeadfadh bun-ghrúpa Gaeilgeoirí agus grúpa níos leithne a bhfuil dearcadh dearfach acu i leith na teanga a bheith ann, d'fhéadfadh daoine eile bheith ann nach bhfuil báúil leis an teanga nó leis an Acht.

Grúpa amháin nach gcuirtear san áireamh nuair atá cás na Gaeilge á phlé is ea na mic léinn idirnáisiúnta. Is as tíortha éagsúla san Eoraip iad, i measc tíortha eile. Tugtar tús eolais bunúsach dóibh faoi shochaí agus cultúr na hÉireann agus luífeadh sé le réasún déanamh amhlaidh leis an nGaeilge dóibh siúd a mbeadh spéis acu ann. D‟fhéadfadh roinnt de na mic léinn sin a bheith ar an eolas faoin nGaeilge cheana féin mar go bhfuil go leor láithreán Gaeilge ar an Idirlíon, agus tá grúpaí foghlaimeoirí agus cainteoirí in go leor tíortha. I gcás na mac léinn nach bhfuil a fhios acu gur ann don Ghaeilge, d‟fhéadfadh ionadh a bheith orthu go bhfuil teanga eile seachas Béarla á labhairt in Éirinn agus seans go mbeadh suim acu freastal ar na seimineáir ag am lóin a luadh thuas ag Cuid 3.5.2. Má léiríonn mic léinn idirnáisiúnta suim sa Ghaeilge, d'fheadfadh é sin bheith ina chuidiú le dearcadh phobal na hInstititiúde go ginearálta ar an Ghaeilge a athrú, lena n-áirítear an fhoireann.

I measc na dtionscnamh eile a d'fhéadfadh tuairimí a athrú, áirítear na cinn seo a leanas:

- Léachtaí ócáideacha faoi Mhionteangacha: D‟fhéadfadh meon cúngaigeanta a bheith ag daoine i leith na Gaeilge agus an Achta. D‟fhéadfaí breathnú go diúltach ar iarrachtaí chun an Ghaeilge a

athbheochan agus léirítear iad uaireanta mar chur amú acmhainní na tíre. D‟fhéadfadh sé a bheith mar thoradh ar léachtaí faoi mhionteangacha, mionteangacha na hEorpa ach go háirithe, go gcuirfí ar a súile do dhaoine gur fiú go mór don tsochaí agus don tír mionteanga a chaomhnú.

- Imeachtaí ina mbíonn cainteoirí Gaeilge líofa nach as Éirinn iad páirteach. Is iomaí duine ar fud an domhain, ina measc roinnt inimirceoirí atá ina gcónaí in Éirinn, a bhfuil ardlíofacht bainte amach acu i nGaeilge. Dá neagrófaí a leithéid d‟imeacht do dhaoine cosúil leis sin, bheadh an Ghaeilge á taispeáint ar bhealach dearfach.

Amscála: Dhá léacht i rith thréimhse na scéime

Beidh an Institiúid Teicneolaíochta, Sligeach airdeallach ar na dualgais atá uirthi nuair atá baill foirne nua á n-earcú aici. Cuirfear gach ball foirne nua ar an eolas faoi na deiseanna agus na tionscnaimh nua a bhfuil cur síos orthu thuas.

# 4 Monatóireacht agus Athbhreithniú

## 4.1 Monatóireacht agus Athbhreithniú

Déanfaidh Coiste Feidhmiúcháin na hInstitiúide athbhreithniú ar fheidhmíocht éifeachtach na scéime. Is é Grúpa Oibre na Gaeilge go príomha a dhéanfaidh monatóireacht ar fheidhmiú na scéime go laethúil agus cuirfidh sé tuarascáil faoi dhó sa bhliain chuig Coiste Bainistíochta Sinsearaí agus Coiste Feidhmiúcháin na hInstitiúide. Beidh an t-eolas seo a leanas i ngach tuarascáil:

- Achoimre ar an dul chun cinn go dáta ar gach geallantas a tugadh i gCaibidil 3
- Achoimre ar thascanna agus costais aistriúcháin

- Liosta fiosrúchán a fuarthas agus a freagraíodh i nGaeilge
- Liosta foirmeacha dátheangacha

Scríobhfaidh an Leabharlannaí tuarascáil ag deireadh na scéime ar son Ghrúpa Oibre na Gaeilge ina measfar a mhéid is a cuireadh an scéim i bhfeidhm go rathúil agus ina leagfar amach paraiméadair do scéim sa todhchaí.

# 5 An Pobal a Chur ar an Eolas faoin Scéim

## 5.1 An pobal a chur ar an eolas faoin scéim

Cuirfear an pobal ar an eolas faoi ábhar na scéime, mar aon le gealltanais agus forálacha na scéime, trí na meáin seo a leanas:

- Preaseisiúint
- Na forálacha a fhógairt
- Scaipeadh ar ghníomhaireachtaí agus eagraíochtaí poiblí cuí trí ríomhphost
- Foilsiú ar láithreán gréasáin na hInstitiúide.

Cuirfear an scéim chun cinn go hinmheánach mar seo a leanas:

- Cuirfear cóip den scéim ar láithreán gréasáin leabharlann na hInstitiúide agus seolfar nasc chuig an bhfoireann ar fad chomh luath a dhéantar faomhadh uirthi

Tá cóip den scéim seo seolta freisin chuig Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla.